Nuacht Fhine Gall Eisiúint № 16
Samhain 2020

# DÉAN DO CHUIDSE



Moltar do mhuintir Bhaile Átha Cliath iarrachtaí i bhfad níos mó a dhéanamh chun leathadh Covid-19 a mhoilliú - Féach Leathanach 4-5

## ISTIGH




FEACHTAS GO DTÉ TÚ SLÁN SEOLTA - LCH 8




CUIRTEAR TÚS LE ROLLADH AMACH SCÉIMEANNA ROTHAÍOCHTA NÍOS SÁBHÁILTE AR FIÚ €4M - LCH 12 & 13




FAIGHEANN PÁIRCEANNA FHINE GALL STÁDAS BRAT GLAS - LCH 14

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

Your Council, working for you

# Teachtaireacht ón Méara



Lean Comhairle Contae Fhine Gall le príomhsheirbhísí a sholáthar dár gcónaitheoirí anuas ar go leor tionscadal a chríochnú agus a thosú ar fud an chontae chun infheistiú inár bpobail agus chun cabhrú leo sa tréimhse fhíordhúshlánach seo ina bhfuilimid thíos le Covid-19.

Sheol Fine Gall a Straitéis Crann leasaithe, Foraois Fhine Gall, le haghaidh comhairliúchán poiblí le déanaí chun tiomantas leanúnach na Comhairle a thaispeáint chun aire a thabhairt do cheann de na hacmhainní agus na sócmhainní nádúrtha is tábhachtaí atá ann - a chrainn. Cuireann crainn feabhas ar Shláinte agus Folláine agus Caighdeán Beatha ár saoránach agus cabhróidh siad le todhchaí inbhuanaithe a bhaint amach i bhFine Gall.

Ba mhaith liom a mheabhrú dár gcónaitheoirí freisin an tábhacht a bhaineann lenár bpáirceanna agus spásanna glasa a choimeád glan agus saor ó bhruscar. Tá méadú beag tagtha ar na leibhéil bhruscair inár bpáirceanna, agus cuireann seo ualach níos troime orthu agus is gá cothabháil níos mó a dhéanamh orthu dá bharr. D'iarrfainn ar úsáideoirí ár bpáirceanna chun a mbruscar a thabhairt abhaile leo nó chun na boscaí bruscair a chuirtear ar fáil a úsáid agus, más gá, chun a thabhairt le fios do na maoir bhruscair atá freagrach as na páirceanna má bhíonn bruscar iontu.

Fad a dhruideann an Geimhreadh linn, is tábhachtach go ndéanann gach duine iarracht chun na gníomhartha cearta a dhéanamh chun dul i ngleic leis na cásanna méadaitheacha de Covid-19 a chomhrac. Ní foláir dúinn na daoine leochaileacha inár bpobal a chosaint agus ní féidir linn sin a dhéanamh ach má dhéanann gach duine a gcion féin.

B'ábhar an-mhór bróid dom nuair a d'eisigh mé féin agus an triúr ceannairí tofa eile ar Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Garda Síochána comhimpí inniu ar shaoránaigh chun iarrachtaí níos mó a dhéanamh chun moill a chur ar scaipeadh COVID-19 agus chun oibriú le chéile chun Baile Átha Cliath a ísliú anuas go dtí Leibhéal 1 i gCreat Náisiúnta an Rialtais um Maireachtáil le COVID.

Spreagaimid Baile Átha Cliathaigh chun freagracht phearsanta a ghlacadh as a ngníomhartha agus chun oibriú le chéile chun uimhreacha cásanna a laghdú, an ráta ionfhabhtaithe a laghdú agus an méid daoine atá á dtabhairt chuig an ospidéal a laghdú. Spreagtar muintir Bhaile Átha Cliath chun cloí leis an gcomhairle agus an treoir a thugann Sláinte Poiblí FSS sa troid leanúnach in aghaidh namhaid bhaolach a bhfuil an oiread sin díobhála á dhéanamh aige do shláinte dhaoine, geilleagar Bhaile Átha Cliath agus don bhealach a mhaireann Baile Átha Cliathaigh.

Ba mhaith liom a mheabhrú dár saoránaigh freisin, go háirithe iad siúd a bhfuil cocúnú á dhéanamh acu nó a d'fhéadfadh a bheith leochaileach ó thaobh cúrsaí leighis de, go bhfuil seirbhís Glao Pobail ar fáil go fóill dóibh siúd óna dteastaíonn sé. Má theastaíonn seirbhísí nó tacaíocht uait nó mura dteastaíonn uait ach labhairt, tá ár bhfoireann ar fáil chun cabhair a thabhairt.

An Comh David Healy

Meara Fhine Gall

# Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach



Lé méadú ar chásanna Covid-19 agus méadú ar shrianta ar ár saol, tá Comhairle Contae Fhine Gall ag leanúint ar aghaidh ag soláthar príomhsheirbhísí do chónaitheoirí, agus ag pleanáil don bhliain amach romhainn freisin.

Táimid i mbun ár mBuiséad do 2021 a dhréachtú faoi láthair, a thiocfaidh os comhair comhairleoirí i mí na Samhna. I mí Mheán Fómhair vótáil comhairleoirí chun an laghdú 10% ar Cháin Mhaoine a choinneáil, rud a bheidh ríthábhachtach chun seirbhísí na comhairle a chothabháil an bhliain seo chugainn mar go dtabharfaidh an cinneadh €2m a bheidh imfhálaithe do raon seirbhísí do réimsí tábhachtacha ar nós tithíocht, páirceanna agus spásanna oscailte, oibríochtaí, an pobal agus leabarlanna.

Ag filleadh ar 2020 agus toisc go bhfuil Covid-19 fós linn, tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios agat go bhfuil raon tacaíochtaí á gcur ar fáil ag an gComhairle agus soláthraíodh seirbhísí do chónaitheoirí agus do ghnóanna Fhine Gall chun cabhrú leo an tréimhse seo a shárú.

Tá ár tSeirbhís Glaonna Pobail fós ag feidhmiú i rith na seachtaine agus tá sí ar fáil do dhuine ar bith a theastaíonn cabhair uathu le linn na n-amanta deacra seo.

Chun tacú lenár ngnóanna áitiúla agus chun an spás poiblí atá ar fáil a úsáid tá Comhairle Contae Fhine Gall ag lorg gnóanna oiriúnacha chun iarratas a dhéanamh chun a bheith ina gComhpháirtithe Páircíní. Is bealach costéifeachtach iad páircíní chun sráideanna níos bríomhaire a chruthú agus chun tacú le gnóanna áitiúla. Tacóidh na spásanna seo le gnóanna áitiúla fanacht oscailte agus spás sábháilte a chur ar fáil do dhaoine le hithe ann.

Bhí an deontas Feabhsúcháin Aghaidheanna Siopaí agus Áiteanna Cónaithe ar fáil do ghnóanna agus do chónaitheoirí chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú le haghaidh athchóirithe nó feabhsúcháin ar a n-aghaidheanna siopaí agus áiteanna cónaithe. Tá sé mar aidhm ag an scéim seo an limistéar poiblí agus príomhshráideanna bhailte Fhine Gall a fheabhsú le linn na tréimhse deacra seo.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall chun tús a chur le rolladh amach clár €3.9m atá dírithe ar bhonneagar níos sábháilte a fhorbairt do rothaithe agus do choisithe i mbailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae. Tá sé tábhachtach go spreagtar agus go n-éascaítear daoine a úsáideann iompar poiblí murach sin chun cineál inbhuanaithe iompair a roghnú mar shampla siúl agus rothaíocht.

Go raibh maith agat as an eagrán seo de Nuacht Fhine Gall a léamh.

AnnMarie Farrelly

Príomhfheidhmeannach

# An Chomhairle chun tús áite a thabhairt do Thaisteal Gníomhach a chur chun cinn tar éis athruithe ar ranna



Tá Comhairle Contae Fhine Gall chun tús áite a thabhairt do Thaisteal Gníomhach a chur chun cinn mar chuid dá tiomantas leanúnach do Ghníomhaíocht ar son na hAeráide, le hathruithe breise ar ranna na Comhairle chun cumais seachadta tithíochta agus forbartha eacnamaíochta na Comhairle a neartú a thuilleadh.

D'fhógair an Príomhfheidhmeannach AnnMarie Farrelly inniu go gcruthófaí Roinn Comhshaoil, Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus Taistil Ghníomhaigh a mbeidh freagracht uirthi as pleanáil soghluaiseachta agus as seachadadh líonra rothar an Údaráis Náisiúnta Iompair sa chontae. Beidh an roinn nua fós i bhfeighil ar Ghníomhaíocht ar son na hAeráide, forfheidhmiú rialachán comhshaoil agus cosaint agus cur chun cinn an chomhshaoil.

Is éard atá i gceist le Taisteal Gníomhach ná taisteal le cuspóir ag baint úsáide as d'fhuinneamh féin, rud a chiallaíonn de ghnáth siúl nó rothaíocht mar chuid d'aistear diongbháilte agus is é cuspóir na Comhairle taisteal gníomhach a thabhairt isteach sa saol laethúil mar chuid de ghnáthnósanna laethúla.

Bogfaidh an Stiúrthóir Seirbhísí, David Storey, ón Roinn Oibríochtaí chun bheith i gceannas ar an roinn nua leis an Stiúrthóir Seirbhísí is nua sa Chomhairle, Mary T Daly, ag teacht ina áit mar Stiúrthóir Oibríochtaí agus Seirbhísí Uisce.

Beidh Ethna Felten, a bhí ina Stiúrthóir Comhshaoil, Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus Uisce, i gceannas anois ar an Údarás Inniúil um Thorann Aerárthaí, ag teacht i gcomharbacht ar Gilbert Power a d'éirigh as a phost le linn an tsamhraidh.

D'fhógair an Príomhfheidhmeannach freisin go ndéanfaí roinnt athruithe eile. Bogann an fhreagracht as na hEalaíona, Leabharlanna, agus Éire Chruthaitheach ón Roinn Tithíochta agus Forbartha Pobail go dtí an Roinn Eacnamaíochta, Fiontraíochta, Turasóireachta agus Forbartha Cultúrtha a bheidh fós faoi stiúir an Stiúrthóra Seirbhísí Emer O'Gorman.

Deimhnítear anois go bhfuil Matthew McAleese ina Stiúrthóir Pleanála & Bonneagair Straitéisigh, tar éis dó an ról sin a bheith aige i gcáil ghníomhach tar éis ceapadh Iníon Farrelly mar Phríomhfheidhmeannach an bhliain seo caite. Is as Ard Mhic Nasca, Contae an Dúin ó dhúchas é, agus tá níos mó ná 20 bliain de thaithí phleanála ghairmiúil ag Matthew le Comhairlí Contae na Mí agus Fhine Gall agus Seirbhís Pleanála Thuaisceart Éireann. Bhí sé i gceannas ar sheachadadh go leor de na príomhthionscadail sa Chontae le blianta beaga anuas lena n-áirítear Plean Forbartha Fhine Gall, Plean Ceantair Áitiúil Aerfort Bhaile Átha Cliath, Máistirphleananna Soird, Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat agus an Glasbhealach idir Baile Dúill agus Port Mearnóg. Is céimí de chuid Ollscoil na Banríona, Béal Feirste é Matthew, agus tá céim Mháistreachta aige i Riarachán Gnó ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

D'fhill Mary T Daly ar Chomhairle Contae Fhine Gall tar éis di na 13 bliana deireanacha a chaitheamh i róil éagsúla le Comhairlí Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Lú. San iomlán, tá níos mó ná 33 bliain seirbhíse agus taithí aici sa Rialtas Áitiúil thar raon leathan seachadta seirbhíse agus forbairt beartais ag leibhéal uirbeach, tuaithe agus baile.

D'oibrigh sí roimhe seo le Comhairle Contae Fhine Gall ó 1997 go 2007 sula ndeachaigh sí le Comhairle Contae Lú áit a raibh sí ina Cléireach Baile Gníomhach do Dhroichead Átha. Le tosú an athchóirithe ar rialtas áitiúil i 2014, ceapadh Iníon Daly mar Stiúrthóir Seirbhísí gníomhach do Chontae Lú áit ar éirigh léi an Stiúrthóireacht nua Eacnamaíochta, Pleanála, Bonneagair agus Comhlíonta a bhunú le punann a chlúdaíonn na cúraim eacnamaíochta, pleanála, turasóireachta, féilte agus bonneagair. D'fhág sí Contae Lú i 2017 agus tá na trí bliana deireanacha caite aici mar Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

# IARRACHT NÍOS MÓ A DHÉANAMH CHUN MOILL A CHUR AR SCAIPEADH COVID-19



D'eisigh ceannairí cheithre Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Garda Síochána comhimpí do shaoránaigh chun iarrachtaí níos mó a dhéanamh chun moill a chur ar scaipeadh COVID-19 agus chun oibriú le chéile chun Baile Átha Cliath a ísliú anuas go dtí Leibhéal 1 i gCreat Náisiúnta an Rialtais um Maireachtáil le COVID.

Shínigh Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath, Hazel Chu; Cathaoirleach Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, an Comh. Úna Power; Méara Fhine Gall, an Comh. David Healy agus Méara Bhaile Átha Cliath Theas, an Comh. Ed O'Brien anuas ar an Stiúrthóir Sláinte Poiblí do FSS an Oirthir, an Dr Deirdre Mulholland agus Coimisinéir Cúnta um Póilíniú Bóithre agus Rannpháirtíocht sa Phobal, Paula Hilman Litir Oscailte chuig saoránaigh Bhaile Átha Cliath Theas.

Baill iad na ceithre údarás áitiúla, FSS agus na Gardaí de Ghrúpa Stiúrtha Réigiúnach an Oirthir (GSRO) a bhfuil tacaíocht á comhordú aige a bhí á tabhairt ag na gníomhaireachtaí eile do FSS ó thosaigh paindéim COVID-19 i Márta.

Impítear sa Litir Oscailte ar Bhaile Átha Cliathaigh chun freagracht phearsanta a ghlacadh as a ngníomhartha agus chun oibriú le chéile chun uimhreacha cásanna a laghdú, an ráta ionfhabhtaithe a laghdú agus an méid daoine atá á dtabhairt chuig an ospidéal a laghdú. Spreagtar muintir Bhaile Átha Cliath chun cloí leis an gcomhairle agus an treoir a thugann Sláinte Poiblí FSS sa troid leanúnach in aghaidh namhaid bhaolach a bhfuil an oiread sin díobhála á dhéanamh aige do shláinte dhaoine, geilleagar Bhaile Átha Cliath agus don bhealach a mhaireann Baile Átha Cliathaigh.

Luaitear sa litir: "Is eol dúinn cheana féin gur cuma leis an ngalar seo cén aois thú, cén inscne thú, cé thú féin, nó cá bhfuil cónaí ort. Caithfimid caitheamh leis an ngalar mar namhaid bhaolach agus oibriú as lámh a chéile chun stop a chur lena scaipeadh trínár bpobail agus saol ár ndaoine muinteartha, ár gcomharsana, ár gcomhghleacaithe agus ár gcairde a chur i mbaol."

Shíníodh an Litir Oscailte go foirmiúil ag Teach an Ard-Mhéara, Baile Átha Cliath, agus déanfar é a scaipeadh ar Bhaile Átha Cliathaigh trí na láithreáin ghréasáin agus cainéal meán sóisialta na gceithre údarás áitiúil. Tá feachtas fuaime raidió agus digiteach á chur ar siúl ag na ceithre údaráis áitiúla freisin atá dírithe ar iompar daoine 15-34 bliain d'aois i mBaile Átha Cliath i dtreo an víris COVID-19 a athrú.

Chuir Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath, Hazel Chu, síniú an lae ar siúl, agus dúirt sí: "Seachas an costas soiléir a bhfuil orainn go léir, mar dhaoine, íoc as, bhí sé fíordheacair ar bheatha gheilleagrach Bhaile Átha Cliath le sé mhí anuas. Tá daoine muinteartha, cairde, agus comharsana againn go léir a chaill a bpoist nó a ngnólachtaí agus atá ar an ngannchuid. Smaoinigh, le do thoil, faoin méid is féidir leat a dhéanamh chun an víreas seo a chomhrac chun gur féidir le Baile Átha Cliath, a bhfuil aithne againn go léir air agus cion againn dó, filleadh ar a sheanléim arís."

Dúirt an Comh. Úna Power, Cathaoirleach, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin: "Táim ag iarraidh ar dhaoine óga i mBaile Átha Cliath chun iarrachtaí níos mó a dhéanamh chun an méid daoine a laghdú a ndéanann siad teagmháil shóisialta leo chun cabhrú le stop a chur le scaipeadh an víris seo. Déan na rudaí éasca i gceart - caith masc, nigh do lámha i gceart, fan fad sóisialta amach ó dhaoine eile agus laghdaigh an méid daoine a ndéanann tú



teagmháil shóisialta leo, an méid agus is féidir leat. Tá a fhios agam go raibh sé deacair, agus go háirithe ar dhaoine óga atá ag oibriú ar na túslínte agus obair neamhbhuan acu. Ar an drochuair, tá an víreas ag scaipeadh arís, agus caithfimid brath ar a chéile chun an rud ceart a dhéanamh."

Dúirt an Comh. David Healy, Méara Fhine Gall: "Fad a dhruideann an Geimhreadh linn, caithfimid a thuiscint go gcabhróidh sé le daoine leochaileacha inár bpobal má ghlactar le freagracht as ár ngníomhartha maidir le COVID-19. Tá iarracht á déanamh acu cheana féin chun an baol atá rompu a laghdú a mhéid agus is féidir agus is féidir linn an baol sin a laghdú níos mó trí chloí leis na treoirlínte sláinte poiblí agus an ráta ionfhabhtaithe a mhoilliú. Is tábhachtach freisin a chinntiú go ndéantar aerú maith ar gach spás a roinneann daoine ó theaghlaigh éagsúla agus chun maisc a chaitheamh nuair a iarrtar ort."

Dúirt an Comh. Ed O'Brien, Méara Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas: "Beidh gach duine i mBaile Átha Cliath buíoch i gcónaí de gach oibrí agus oibrí deonach túslíne a d'oibrigh gan stad gan staonadh chun sinn a choimeád sábháilte i rith na paindéime seo. Ach is é an bealach is fearr is féidir linn go léir an buíochas sin a thaispeáint anois ná chun iarracht bhreise a dhéanamh chun cloí leis na treoirlínte agus moill a chur ar scaipeadh an víris. Táimid ag iarraidh oraibh go léir a bheith in bhur n-oibrithe deonacha agus deireadh a chur leis an idirghníomhú sóisialta, cuairteanna ar na háiteanna is fearr linn agus le himeachtaí sóisialta a eagraítear ar an toirt chun gur féidir linn scaipeadh an víris a theorannú arís."

Dúirt an Dr Deirdre Mulholland, Stiúrthóir Sláinte Poiblí, FSS an Oirthir: "Má bhíonn comharthaí COVID-19 ar dhaoine, tá sé tábhachtach go ndéanann siad teagmháil lena ndochtúir agus go gcloíonn siad leis an gcomhairle a chuireann siad ar fáil. Má mholann ár ndochtúir nó comhairle Sláinte Poiblí dúinn chun aonrú a dhéanamh nó chun srian a chur ar ár ngluaiseachtaí, is tábhachtach go gcloímid leis an gcomhairle sin chun slabhra an tarchuir a ghearradh. Chun teacht ar eolas fút féin agus daoine eile a chosaint, tabhair cuairt, le do thoil, ar https://www2.hse.ie/coronavirus/."

Dúirt an Coimisinéir Cúnta um Póilíniú Bóithre agus Rannpháirtíocht sa Phobal, an Garda Síochána, Paula Hilman: "Leanann Gardaí ar fud na tíre ag oibriú lenár gcomhpháirtithe sna hÚdaráis Áitiúla agus i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun freastal ar riachtanais phobal leochaileach agus ar deacair iad a aimsiú. Ó thús Phaindéim COVID-19 ar aghaidh, bhí ár n-acmhainní dírithe ar dhaoine a gcasaimid leo 'a Spreagadh chun Páirt a Ghlacadh, Míniú a Thabhairt dóibh agus a Spreagadh' chun cloí le Rialuithe Sláinte Covid. I gcásanna inar sainaithníodh daoine aonair nó grúpaí mar dhaoine aonair nó grúpaí leochaileacha, d'oibrigh Gardaí ar fud na tíre go dlúth le comhghleacaithe sna hÚdaráis Áitiúla, FSS agus seirbhísí deonacha lena chinntiú go ndearnadh teagmháil leo siúd a sainaithníodh agus gur tugadh an tacaíocht dóibh a theastaíonn uathu. De réir mar a thagann athrú ar na cúinsí, tá ar Ghardaí ar fud na tíre tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair agus dophobail. Leanaimid le hidirchaidreamh a dhéanamh lenár gcomhghleacaithe in FSS agus Údaráis Áitiúla chun freagairt oiriúnach a chur ar fáil don phobal. Ba cheart do dhuine ar bith a dteastaíonn cúnamh an Gharda Síochána uathu teagmháil a dhéanamh lena nGarda Pobail / a stáisiún Gardaí áitiúil go díreach nó, i gcás éigeandála, glaoigh ar 999 nó 112."

# Cuireann an Chomhairle tús le hoibreacha cosanta cósta éigeandála i bPort Reachrann



Tá Comhairle Contae Fhine Gall ar tí oibreacha éigeandála a dhéanamh i bPort Reachrann lena n-áirítear oibreacha cosanta ag Bóthar na Cé agus athlonnú Seabees ag Trá an Choinicéir.

á na hoibreacha riachtanach tar éis creimeadh cósta tromchúiseach a tharla le déanaí de bharr gaotha fórsa stoirme agus borradh láidir taoide i rith an tsamhraidh agus baint agus athlonnú na seabees le déanaí.

Mhol saineolaithe innealtóireachta go leathnófaí an chosaint armúr carraige atá ann cheana faoi thart ar 50 méadar feadh Bhóthar na Cé chun an ceantar a chosaint trí gheimhreadh 2020/21.

Déanfar scrúdú ar sheirbhísí agus ar choinníollacha talún timpeall na leithreas a luaithe a bheidh na hoibreacha armúr carraige críochnaithe chun a fháil amach an bhfuil aon oibreacha cosanta breise ag teastáil san áit sin.

Tar éis armúr carraige a chríochnú, tá sé beartaithe na leithris atá ann a scrios agus a bhaint. Táthar ag súil go gcuirfear isteach leithris phoiblí shealadacha i rith mhí na Samhna.

Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall 70 seabees a athlonnú a aistríodh le déanaí gan cead ag déanamh damáiste don chóras duimhche ag Lána na Trá. Tar éis d'innealtóirí saineolaithe athbhreithniú a dhéanamh, tá sé beartaithe ag an gComhairle na Seabees seo a chur san áit is fearr sa chóras cosanta farraige chun leanúint ar aghaidh ag laghdú agus ag moilliú creimeadh cósta. Mar bheart eatramhach, suiteáladh 1 ciliméadar d'aonaid choincréite Seabee sa suíomh is fearr i ndá áit feadh Trá an Choinicéir. Dearadh na Seabees seo chun creimeadh cósta a laghdú agus a mhoilliú agus cuireadh isteach iad go dtí go gcuirfear réiteach fadtéarmach indéanta agus éifeachtach i bhfeidhm.

Tá na hoibreacha feabhais a bhfuil cuntas orthu thuas le déanamh faoi fhorálacha Acht na mBóithre agus tógfaidh siad timpeall trí seachtaine.

## Comhairle Contae Fhine Gall
## Líne Chabhrach Ghlao Pobail COVID-19

✓ Bia, earraí eile a bhailiú agus a sheachadadh ✓ Tacaíochtaí maidir le haonrú sóisialta ✓ Saincheisteanna a bhaineann leis an nGarda Síochána ✓ Riachtanais eile leighis nó sláinte

01 890-5000
1-800-459-059

covidsupport@fingal.ie

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# SEOLADH "FORAOIS FHINE GALL, STRAITÉIS CRANN D'FHINE GALL":




Sheol Comhairle Contae Fhine Gall a Dréacht-Straitéis Crann dár teideal "Foraois Fhine Gall, Straitéis Crann d'Fhine Gall – Dréacht-Doiciméad". Tá an Dréacht-Straitéis anois ag dul trí Phróiseas Comhairliúcháin Poiblí Neamhreachtúil a thosaigh ar Lá Náisiúnta na gCrann 2020 ar 1 Deireadh Fómhair go dtí deireadh Sheachtain Náisiúnta na gCrann i Márta 2021.

Is í aidhm an Phróisis Chomhairliúcháin seo deis a thabhairt don phobail na cuspóirí, na beartais agus na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Dréacht-Straitéis a scrúdú agus athruithe a mholadh de réir mar is cuí.

Dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir David Healy: "Is léiriú é an t-athbhreithniú ar Straitéis Crann d'Fhine Gall, Foraois Fhine Gall, de thiomantas leanúnach na Comhairle aire a thabhairt do cheann dá hacmhainní nádúrtha agus sócmhainní is tábhachtaí, a crainn. Feabhsaíonn crainn Sláinte agus Folláine agus Caighdeán Beatha ár saoránach agus cuideoidh sé le todhchaí inbhuanaithe a bhaint amach i bhFine Gall." Bainistíonn Comhairle Contae Fhine Gall thart ar 2,000 Heictéar de Spás Oscailte Poiblí agus tá talamh coille suntasach ag go leor páirceanna poiblí sa chontae a bhfuil tírdhreacha tábhachtacha agus íocónacha iontu go minic. Tá timpeall 70,000 crann ag Fine Gall freisin ar shráideanna agus i spásanna oscailte cónaithe, a bhfuil an chuid is mó díobh á gcothabháil ag an údarás áitiúil.

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall AnnMarie Farrelly: "Aithníonn an Chomhairle an chaoi ar chuidigh crainn uirbeacha agus spás glas go suntasach le tírdhreach na mbailte agus na sráidbhailte ar fud an chontae a mhúnlú agus tá súil agam go dtapóidh daoine an deis é a léamh sna míosa atá amach romhainn agus athruithe a mholadh sa chás go mbraitheann siad gur gá iad a dhéanamh."

Chun féachaint ar an Dréacht-Straitéis agus do thuairim a chur in iúl ar a bhfuil ann, téigh le do thoil chuig ár dtairseach comhairliúcháin ar line https://consult.fingal.ie/browse

**Comhairle Contae Fhine Gall**
**Líne Chabhrach Ghlao Pobail COVID-19**

Táimid anseo chun cabhrú leat...

- ✓ Déanfar bia, earraí tí, breosla, cógais a bhailiú nó a sheachadadh
- ✓ Duine éigin le labhairt leo nó tacaíochtaí sóisialta eile
- ✓ Seachadadh béilí
- ✓ Freagairt do bhuarthaí gaolmhara an Gharda Síochána
- ✓ Cabhair le riachtanais eile leighis nó sláinte

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

01 890-5000
1-800-459-059
covidsupport@fingal.ie

# Feachtas Go dTé tú Slán Seolta

Sheol an Taoiseach, Micheál Martin TD,an feachtas "Go dTé Tú Slán" a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le daoine agus le pobail aire a thabhairt dá gcuid sláinte fhisiciúil agus mheabhrach sna míonna atá romhainn.

Cuireann Plean an Rialtais maidir le Maireachtáil le COVID-19: Teacht Aniar agus Téarnamh 2020-2021 an bhéim ar an ról tábhachtach a bheidh ag an teacht aniar i measc an phobail agus i ndaoine aonair maidir lenár bhfreagairt leanúnach ar an COVID-19.

Tá sé i gceist leis an seoladh inniu gach duine sa tsochaí a spreagadh chun gnímh. Is cuireadh é do dhaoine aonair, do phobail áitiúla, do ghrúpaí deonacha, d'eagraíochtaí spóirt, dóibh siúd a bhfuil baint acu leis an gcrughaitheacht agus leis an healaíona, leis an oidhreacht áitiúil agus an stair, le gnólachtaí chomh maith leis an rialtas áitiúil agus náisiúnta, bealaí a aimsiú chun tacú le gach duine chun go rachaimid i mbun gníomhaíochtaí agus gnáthamh nua a dhéanfaidh maitheas dúinn.

Tá sé mar aidhm ag an bhfeachtas "Go dTé tú Slán" taispéaint do dhaoine, idir óg agus aosta, conas is féidir linn aire a thabhairt dár sláinte fhisiciúil agus mheabhrach agus dár bhfolláine trí nósanna sláintiúla agus úsáideacha a chur isteach inar ngnáthamh laethúil agus seachtainiúil. Soláthróidh sé treoirlínte, eolas agus leideanna ar rudaí a chabhróidh linn bheith ar fónamh sna míonna atá romhainn. Beidh an méid seo go léir le fáil ar gov.ie/healthyireland agus fingal.ie.

Áitítear sa seoladh inniu, cistiú atá á leithdháileadh ó Sláintecare chun tacú le roinnt tionscnamh tríd an gCiste Éire Sláintiúil a rollfar amach sna míonna ata le teacht. Beidh eolas faoi acmhainní agus tionscnaimh áitiúla ar fail freisin trí Údaráis Áitiúla na hÉireann.




Tá an seoladh seo ag cur leis an bhfeachtas 'Sa bhád Céanna' a tharla níos luaithe i mbliana. Díríonn an feachtas "Go dTé tú Slán" ar chúig phríomhthéamaí:


• **Bí gníomhach** – tá sé tábhachtach bheith gníomhach agus bheith amuigh faoin spéir, fiú i rith an gheimhridh, chun cabhrú lenár sláinte fhisiciúil agus mheabhrach agus lenár bhfolláine. keeping active and being outdoors, even during the winter, is important to help physical and mental health and wellbeing.

• **Bíodh caidreamh agat** – tá sé tábhachtach dár bhfolláine bheith nasctha le daoine, dul i ngleic leis an uaigneas, tacú le grúpaí deonacha agus le tionscnaimh a chothaíonn an nasc pearsanta.

• **Sos a ghlacadh agus rud cruthaitheach a dhéanamh** - sos a ghlacadh agus rud cruthaitheach a dhéanamh nó rud nua a fhoghlaim, filleadh ar an nádúr agus bealaí a aimsiú chun do scíth a ligean – is féidir leo go léir cur lenár bhfolláine ghinearálta.

• **Bia folláin** – nuair a chothaímid ár gcolainn agus ár n-intinn, is féidir linn nasc níos fearr a fhorbairt idir an bia a ithimid agus conas a mhothaimid, agus tionchar dearfach a imirt ar ár bhfolláine fhisiciúil agus mheabhrach.

• **Tabhair aire do do ghiúmar** – eolas a thabhairt do dhaoine maidir le cén áit ar chóir dóibh tacaíocht a lorg más gá. Déanfar é seo a nascadh leis an líne chabhrach áitiúil chun cinnte a dhéanamh de go mbeidh rochtain ag daoine ar an tacaíocht atá ag teastáil. access the support they need.


Coróinvíreas
COVID-19
Comhairle
Sláinte Poiblí
Conas Clúdach Aghaidhe a chaitheamh
GLAN DO LÁMHA i gCÓNAÍ SULA gCUIREANN TÚ ORT É AGUS SULA mBAINEANN TÚ DÍOT É
Conas d'aghaidh a chlúdach i gceart
Ba chóir maisc leighis a choimeád d'oibrithe sláinte nó d'othair atá ag fáil cúram leighis.
Má tugadh comhairle duit masc leighis a chaitheamh, bíodh an taobh daite le feiceáil agus an banda miotail ar bharr do shróin.
An bhfuil sé oiriúnach?
Cinntigh go bhfuil an clúdach aghaidhe déanta as éadach atá compordach.
Déan cinnte go bhfuil sé éasca é a chur ort agus go gclúdaíonn sé do shrón, do bhéal agus do smig go hiomlán.
Ceangail na lúbanna agus déan cinnte go gclúdaíonn sé d'aghaidh gan aon bhearna. Ceangail aon chorda go hard ar bharr do chinn ionas go mbeidh sé compordach. Ná leag do lámha ar an gclúdach aghaidhe agus tú á chaitheamh.
NÁ: Caith masc aghaidhe faoi do shrón.
NÁ: Fág do smig nochtaithe.
NÁ: Bíodh sé scaoilte le bearnaí ag na taobhanna.
NÁ: Caith é mura bhfuil clúdaithe ach barr do shróin.
NÁ: Brúigh isteach faoi do smig é ar do mhuineál.
LEAN NA TREORACHA SEO CHUN FANACHT SLÁN:
Nigh do lámha i gcónaí sula gcuireann tú ort & sula mbaineann tú díot é.
Athraigh do chlúdach aghaidhe i gcónaí má bhíonn sé salach, fliuch nó briste.
Coinnigh na clúdaigh aghaidhe glan i mála séalaithe atá díonach ar uisce.
Bíodh mála eile agat le haghaidh clúdaigh atá úsáidte.
Ní gá do pháistí faoi 13 clúdach aghaidhe a chaitheamh.
Nigh clúdach aghaidhe déanta as éadach i gcónaí ar an teocht is airde d'éadach.
Ag baint an masc díot
Úsáid na lúbanna cluaise chun an clúdach aghaidhe a bhaint díot.
Ná leag do lámh ar an bpíosa ós comhair d'éadan.
Ag fáil réidh le masc aon-uaire
Cuir an masc aon-uaire i mbosca bruscair i gcónaí.
Glan do lámha agus lean den scaradh sóisialta.
2M
Fanaigí slán. Coinnigí a chéile slán.
hpsc
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# SÍNÍONN AN CHOMHAIRLE AGUS O'DWYERS CONARTHAÍ LE HAGHAIDH AISTRIÚ CLG GO PÁIRC RÉIGIÚNACH



Tá síniú na gconarthaí curtha i gcrích ag Comhairle Contae Fhine Gall agus Club CLG O'Dwyers a ligfidh don chlub dul ar aghaidh leis an aistriú atá beartaithe aige chuig saoráid den chineál is nua-aimseartha ag Páirc Réigiúnach Bhrí Mhór i mBaile Brigín.

Dhíol O'Dwyers a n-áis ag Lána na Gráige leis an gComhairle agus ghlac siad léas fadtérmach le haghaidh láithreán 10 acra ar theorainn thuaidh Pháirc Réigiúnach Bhrí Mhór a rachaidh sé ar aghaidh anois chun forbairt ina shaoráid spóirt den chineál is nua-aimseartha.

Chríochnaigh Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, Ann Marie Farrelly, an próiseas conartha nuair a chuir sí peann le páipéar le linn cruinniú fíorúil ina raibh oifigigh chlub, foireann na comhairle agus comhairleoirí ó Thoghcheantar Áitiúil Bhaile Brigín. Tionóladh an cruinniú ar líne chun bearta an Rialtais maidir le COVID-19 a chomhlíonadh.

"Ligfidh an t-aistriú go Páirc Réigiúnach Bhrí Mhór do O'Dwyers na bunúis a chur i bhfeidhm don chéad 100 bliain eile dá stair agus cuideoidh sé leis an gclub leis an obair atá á dhéanamh aige don daonra is óige in Éirinn," a dúirt Méara Fhine Gall, An Comhairleoir David Healy.

In 2018, d'aontaigh baill O'Dwyers bogadh chuig saoráid nua ag Páirc Réigiúnach Bhrí Mhór agus a dtalamh reatha ag Lána na Gráige a dhíol leis an gComhairle chun feabhsúcháin bhóthair agus tithíocht nua a éascú sa cheantar. Tá an club ag pleanáil clubtheach nua, halla spóirt, páirceanna spóirt, páirceáil agus áiteanna traenála ag Brí Mhór a bheidh ar aon dul le fís fhoriomlán na comhairle don pháirc.

Dúirt Iníon Farrelly: "Tá áthas an domhain orainn go bhfuil na conarthaí sínithe againn anois agus táimid ag súil le O'Dwyers a fheiscint ag forbairt saoráid spóirt den chineál is nua-aimseartha i mBrí Mhór. Is príomhthosaíocht don Chomhairle é athnuachan Bhaile Brigín trí Ár mBaile Brigín agus tá sé an-tábhachtach saoráid spóirt níos fearr a sholáthar ar fud an bhaile. Tá ról tábhachtach ag an spórt i dtéarmaí folláine fhisiceach agus mheabhrach, imeascadh pobail agus dul i ngleic le saincheisteanna sóisialta ar nós Iompar Frithshóisialta.




Dúirt Liam Howley, Cathaoirleach Chlub CLG O'Dwyers:

"Thóg sé tamall fada agus a lán oibre crua chun an pointe seo a bhaint amach agus tá an-áthas orainn gur féidir linn pleanáil anois chun tús a chur leis an tógáil agus an tionscnamh iontach seo a chur ar fáil. Is club lán-imeasctha é O'Dwyers, atá gníomhach i ngach réimse de ghníomhaíochtaí sóisialta agus spóirt a chuireann an CLG chun cinn. Ligfidh na háiseanna nua dúinn freastal níos fearr ar ár mballraíocht atá ag fás agus ar líon méadaithe na bhfoirne. Tá lúcháir orainn go léir an tionscnamh seo a chur ar fáil do cheantar iomlán Baile Brigín. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chabhraigh leis an tionscnamh a chur ar aghaidh go dtí an chéim seo."

Dúirt Stiúrthóir Pleanála agus Bonneagair Straitéisigh Chomhairle Contae Fhine Gall, Matthew McAleese: "Tugann an comhaontú seo an deis do O'Dwyers saoráid spóirt den scoth a fhorbairt a fhreastalóidh ar a mballraíocht atá ag fás agus a bheidh ina shaoráid den scoth eile ceangailte le Páirc Réigiúnach Bhrí Mhór chomh maith le bheith ina shócmhainn mhór do Bhaile Brigín."

Is áis 100 acra í Páirc Réigiúnach Bhrí Mhór i dtuaisceart Bhaile Brigín feadh an R132 atá á fhorbairt ag an gcomhairle chun tacú le agus freastal ar riachtanais áineasa lasmuigh dhaonra óg an bhaile atá ag fás go tapa. Beidh mol mór pobail agus turasóireachta ann a bheidh dírithe ar Chaisleán Bhrí Mhór meánaoiseach athchóirithe agus seirbhísí cuairteora gaolmhara.

Cuirfear réimse áiseanna spóirt ar fáil lena n-áirítear an pháirc spóirt Uile-aimsire 3G atá críochnaithe cheana féin chomh maith le sé pháirc féir phoiblí bhreise ar a laghad.



# Ainmneacha Páirce Fhine Gall a taifeadadh ar fáil anois le feiceáil ar an mbunachar sonraí

Tá garsprioc bainte amach ag Tionscadal Ainmneacha Páirce Fhine Gall mar go bhfuil na hainmneacha a taifeadadh go dtí seo curtha ar fáil ar líne den chéad uair. I gcomhoibriú idir Christine Baker, Oifigeach Oidhreachta Fhine Gall agus Mairéad Nic Lochlainn ó Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath tá an t-eolas curtha ar fáil ar láithreán gréasáin Meithael Logainm.ie.

Tá sé mar aidhm ag Tionscadal Ainmneacha Páirce Fhine Gall oidhreacht shaibhir ainmneacha páirce agus oidhreacht ghaolmhar inár dtírdhreacha áitiúla a iniúchadh agus a thaifeadadh. Tá ainm, nó bhí ainm tráth, ar gach páirc i bhFine Gall, agus ar fud na hÉireann.

D'fhéadfadh ainmneacha a bheith bunaithe ar thopagrafaíocht na talún, nó úinéirí na talún, nó b'fhéidir go ndéanann siad cur síos ar chuspóir nó ar mhéid na páirce nó d'fhéadfadh baint a bheith acu le heachtra éigin a tharla sa pháirc. Le chéile insíonn na hainmneacha seo go leor dúinn faoi stair agus oidhreacht ár dtírdhreachanna áitiúla.

Ó 2018, thug Abarta Heritage an oiliúint d'oibrithe deonacha ar fud an chontae chun ainmneacha páirce a gceantar féin a thaifeadadh. Bhí siad ag breathnú ar shean-léarscáileanna agus cáipéisí, ag labhairt le feirmeoirí agus ag bailiú an oiread eolais agus is féidir leo.

Seo roinnt d'ainmneacha na bpáirceanna a bailíodh i bhFine Gall: 'Back of the Yard', 'Front of the House', 'Ladies Stairs', 'Long Leg' agus 'Collier's Horn'. Anois is féidir leat féachaint ar na torthaí go dtí seo, ar Thionscadal Ainmneacha Páirce Fhine Gall ar https://meitheal.logainm.ie/fingal-fieldnames/.

# Osclaítear iarratais anois ar chúnamh airgeadais d'Fhéilte agus Imeachtaí 2021

Tá cuireadh á thabhairt do bhaill de ghrúpaí pobail agus d'eagraíochtaí ar fud Fhine Gall scaoileadh lena gcruthaitheacht agus a samhlaíocht, slán a fhágáil le díomá 2020 agus tosú ag pleanáil don bhliain seo chugainn.

Tá sé in am dóibh a hataí smaointeoireachta a chur orthu agus tosú ag pleanáil do 2021 nuair a bheifear ag súil go ndéanfar na srianta a mhaolú agus gur féidir le himeachtaí agus féilte a bhfuil an-tóir orthu filleadh ar an bhféilire.

Má tá smaoineamh agat d'imeacht nua do 2021, nó mura dteastaíonn uait ach imeacht atá ann cheana a athbheochan agus a athspreagadh, tá sé in am tosú ag pleanáil chun tosaigh mar tá deis iontach ann faoi scéim cúnamh airgeadais Imeachtaí agus Féilte Chomhairle Contae Fhine Gall chun roinnt tacaíochta a fháil. Dúnfaidh iarratais ó ghrúpaí agus eagraíochtaí atá ag lorg cúnamh arigeadais ó Rannóg Imeachtaí Chomhairle Contae Fhine Gall d'Fhéilte agus Imeachtaí a bheidh ar siúl i 2021 ar Dé Máirt, 15 Nollaig 2020, ag 3in.

Glacfar le hiarratais ar imeachtaí nó féilte atá ann cheana nó cinn nua a chuireann beocht i spásanna poiblí ar bhealaí cruthaitheacha agus nuálacha, agus atá dírithe ar thionchair intomhaiste turasóireachta sa Chontae a fhorbairt.

Ní mór do pháirtithe leasmhara roinnt critéar incháilitheachta eile a chomhlíonadh lena n-áirítear:
• Plean comhlíonta Covid-19 a bheith agat de réir threoirlínte reatha an rialtais.
• Tarraingt lucht féachana ginearálta a bheith agat agus a bheith ionchuimsitheach go sóisialta.
• Léiriú go soiléir an cumas buntáistí eacnamaíochta, sóisialta agus/nó cultúrtha a ghiniúint.
• Féilire imeachtaí an Chontae a chomhlánú maidir le cuairteoirí iasachta a mhealladh.
• Cuspóir an Aonaid Imeachtaí a chomhlíonadh maidir le clár éagsúil imeachtaí a chur le chéile i rith na bliana lena n-áirítear réimse ábhair agus raon séasúrach agus geografach.
• Inbhuanaitheacht airgeadais agus an cumas an t-imeacht a fhorbairt a léiriú.
• Plean PR agus margaíochta soiléir a bheith agat lena n-áirítear straitéis meán sóisialta chun an t-imeacht a chur chun cinn go gníomhach.

# AN CHOMHAIRLE CHUN TÚS A CHUR ROTHAÍOCHT AGUS GLUAISEACHTAÍ

Tá Comhairle Contae Fhine Gall chun tús a chur le rolladh amach clár €3.9m atá dírithe ar bhonneagar níos sábháilte a fhorbairt do rothaithe agus do choisithe i mbailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae.

Bhí an maoiniú mar chuid de leithdháileadh €55m ón Údarás Náisiúnta Iompair faoi Phlean Spreagtha Poist de mhí Iúil an Rialtais chun tacú le freagairt na n-údarás áitiúil ar dhúshláin Covid-19 agus chun cuidiú lena gcuid oibre chun bonneagar siúil agus rothaíochta feabhsaithe a thabhairt do phobail agus do ghnóanna áitiúla.

Is i mBaile Átha Cliath 15 a bheidh an chéad scéim le tosú agus cruthófar raon rothar deighilte 5 ciliméadar, 2.5 ciliméadar i ngach treo, feadh Bhóthar Bhaile an Hartaigh/ Bhaile an Huntaigh a sholáthróidh bealach rothaíochta níos sábháilte do dhaoine áitiúla chun rochtain a fháil ar scoileanna, ar cheantair áineasa agus ar ghnóanna áitiúla.

Meastar go dtosóidh an scéim i mí Dheireadh Fómhair agus beidh colbha coincréite agus marcálacha suiteáilte ann do na lánaí rothaíochta chomh maith le feabhsúcháin ar acomhail agus lánaí rothar atá ann cheana.

Chun an cur isteach ar thrácht áitiúil a íoslaghdú tabharfar faoi na hoibreacha thar oíche, agus beidh bainistíocht tráchta stop/lean ar aghaidh i bhfeidhm. Cuirfear cónaitheoirí agus úinéirí gnóanna a chónaíonn sa cheantar ar an eolas roimh ré.

Is iad na tionscadail eile a fuair maoiniú:
R108 Saileog – Uasghrádú Líonra Bóithre lena n-áirítear lánaí rothar comhairleacha

R132 Halla an Leasáin, Bóthar an Aire go Crois an Bhlácaigh agus Lána Choill Hoiste – Feabhas a chur ar an nasc rothaíochta ó Lusca go Crois an Bhlácaigh trí Scoil Náisiúnta na Coirre Duibhe. Ceansú tráchta chun luasanna a laghdú agus an t-iarbhóthar náisiúnta a athdhearadh chun méideanna tráchta a laghdú agus gníomhaíocht rothaíochta agus coisithe a mhéadú.

R108 Clubh CLG na hAille – feabhsú achomhail ag teastáil do gach úsáideoir bóthair lena n-áirítear rothaithe.

Naisc Rothaíochta Inbhear Mhullach Íde Bóthar Bhaile na Mara agus Bóthar an Inbhir – feabhas a chur ar an nasc rothaíochta ó Sord go Mullach Íde

Bóthar Ráth Aingile/Bóthar Ghleann na hAbhann, Sord – deighilt éadrom an lána rothair atá ann cheana

Bóthar na Gráinsí, Baile Dúill – deighilt éadrom an lána rothair atá ann cheana

Bóthar Bhinn Éadair – deighilt éadrom an lána rothair atá ann cheana ó Chill Fhionntain go sráidbhailte Bhinn Éadair
Bóthar na Sceirí – deighilt éadrom an lána rothair atá ann cheana

Cósta na Sceirí – rotharbhealach nua in aice leis an siúlbhealach atá ann cheana

Dúirt Méara Fhine Gall An Comhairleoir David Healy: "Fáiltím roimh leithdháileadh an mhaoinithe shuntasaigh seo ón UNI i dtreo bonneagar siúil agus rothaíochta a fhorbairt ar fud an Chontae. Leis an bpaindéim táimid ag feiceáil líon i bhfad níos airde daoine ag siúl inár bpobail. Tháinig athbheochan ar an rothaíocht freisin le linn na tréimhse Covid-19. Agus acmhainn iompair phoiblí laghdaithe go mórmhór, tá sé ríthábhachtach go bhforbróimid bealaí ardchaighdeáin do bhealaí siúlóide

**Líne Chabhrach Ghlao Pobail COVID-19 Fhine Gall**

Má tá tú ag mothú scoite ná uaigneach mar gheall ar Covid-19, TÁIMID FÓS ANSEO CHUN CABHRÚ LEAT

Tá ár líne chabhrach oscailte seacht lá, Luan go Domhnach, 8am go 8pm.

Ná bí i d'aonar, glaoigh ar ár líne chabhrach

1800 459 059

covidsupport@fingal.ie

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# LE SCÉIM €4M CHUN TACÚ LE COISITHE NÍOS SÁBHÁILTE




agus rothaíochta chun gluaiseacht laistigh dár bpobail a cheadú.

"De réir mar a leanaimid orainn ag obair chun muid féin agus a chéile a chosaint ó phaindéim Covid-19, tá sé níos tábhachtaí ná riamh spás sábháilte a bheith ar fáil do dhaoine chun siúl agus le haghaidh aclaíochta.
"Is príomhghníomh é inár bPlean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide líonra rothaíochta Fhine Gall a thógáil níos mó a thairgeann bealaí díreacha chuig cinn scríbe áitiúla, agus ligfidh an maoiniú seo dó seo tarlú gan stró. Beidh sé de bhuntáiste breise aige úsáid gluaisteán a laghdú agus astaíochtaí carbóin a ísliú agus brú tráchta a laghdú."
Dúirt an Príomhfheidhmeannach AnnMarie Farrelly:
"Ba mhaith linn forbairt na rothaíochta a chur chun cinn sa Chontae le béim ar bhealaí díreacha, compordacha, áisiúla agus sábháilte a chur chun cinn. Cuideoidh daoine a spreagadh chun siúl nó rothaíocht le Comhairle Contae Fhine Gall freagairt don Athrú Aeráide, agus feabhsóidh cur chun cinn an taistil ghníomhaigh sláinte na saoránach freisin.
"Le tionchar Covid-19 ar úsáid iompar phoiblí, tá sé tábhachtach go spreagfaí agus go n-éascófaí daoine a d'úsáidfeadh iompar poiblí murach sin chun cineál inbhuanaithe iompair a roghnú ar nós siúl agus rothaíocht."
Dúirt Stiúrthóir Oibríochtaí David Storey: "Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag obair go gníomhach chun bonneagar coisithe agus rothaíochta a fheabhsú agus tá sí ag tabhairt tús áite do shábháilteacht rothaithe trí chosáin rothaíochta deighilte a fhorbairt nuair is féidir. Feictear go spreagann lánaí rothaíochta deighilte déimeagrafach níos leithne ar fud an phobail chun rothaíocht/scútar a úsáid, seachas achair ghearra a thiomáint chuig taitneamhachtaí agus scoileanna.

"Gan amhras cuideoidh bonneagar sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar leis an líon méadaitheach rothaithe atá ag úsáid ár mbóithre anois i mbailte agus sráidbhailte ar fud Fhine Gall. Spreagfaidh na bealaí rothaíochta deighilte gach aosghrúpa chun rothar a thógáil chun achair ghearra agus mheánmhéide a thaisteal, rud a chabhróidh chun aistir feithiclí neamhriachtanacha a bhaint agus mar thoradh ar sin, laghdóidh sé an méid tráchta."

Dúirt Cathaoirleach an Choiste um Beartas Straitéiseach um Bainistíocht Iompair agus Bonneagair, an Comhairleoir Ted Leddy: "Táim ag tnúth leis an gcéad tionscadal píolótach a thosú i mBaile Átha Cliath 15 mar go mbeidh buntáistí suntasacha aige d'áitritheoirí an cheantair seo atá ag fás go gasta agus iad ag teacht ar scoileanna, áiseanna spóirt agus pobail, chomh maith le siopaí agus gnóanna áitiúla. Ligfidh an maoiniú freisin d'athruithe ar shocruithe bainistíochta tráchta chun ath-leithdháileadh an spáis fhoriomlán bóthair a éascú chun saoráidí agus sábháilteacht do choisithe agus do rothaithe a fheabhsú."

# Torthaí den scoth do Pháirceanna Fhine Gall i nGradaim na mBrat Glas

Tá áthas an domhain ar Chomhairle Contae Fhine Gall 7 mBrat Glas a fháil mar chuid de Ghradaim iomráiteacha na mBrat Glas 2020.

Is caighdeán tagarmharcála idirnáisiúnta é Gradam an Bhrait Ghlais do pháirceanna agus spásanna glasa agus tá sé mar aidhm ag an scéim soláthar páirceanna poiblí ar ardchaighdeán a spreagadh agus spásanna glasa a bhainistítear ar bhealaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Toisc nach bhféadfadh searmanas na ngradam dul ar aghaidh mar is gnáth, roghnaigh An Taisce roinnt suíomhanna i bhFine Gall chun searmanas fíorúil um ardú bratach a theafadadh chun tréaslú leis na daoine go léir a fuair duaiseanna ar fud na tíre leis an Aire Stáit Joe O'Brien, Leas-Mhéara Fhine Gall Robert O'Donoghue agus roinnt d'fhoireann Fhine Gall atá le feiceáil san fhíseán.

Is iad na páirceanna a bhuaigh duaiseanna i bhFine Gall chun Gradam Brat Glas a fháil i 2020 ná Ard Giolláin, Diméin Mhullach Íde, Páirc na Mílaoise, Teach agus Feirm an Droichid Nua, Diméin Sheantraibh agus Páirc San Caitríona. Ní bhronntar ach as sárchaighdeáin chomhshaoil a shárú i mbainistíocht spáis ghlais, agus sármhaitheas nithe is díol spéise do chuairteoirí – is é Gradam an Bhrait Ghlais do Pháirceanna cruthúnas ar pháirc nó spás glas ardchaighdeáin agus aithnítear é ar fud an domhain. Is éacht iontach é mar sin do pháirceanna Fhine Gall a bronnadh an gradam orthu.

Chomh maith leis na gradaim foriomlána bhí an-áthas ar Fhine Gall gradam 'Ardmholta' a fháil laistigh den Ghradam Tionscnaimh Pailneora do Pháirc na Mílaoise, Baile Bhlainséir mar aitheantas ar chinneadh na bainistíochta deireadh a chur le húsáid luibhicídí laistigh den pháirc.

Tháinig an Pháirc saor ó lotnaidicídí in 2018 tar éis laghdú 1/3 gach bliain ó 2016 mar chuid de thionscnaimh a thacaíonn le pailneoirí de chuid na páirce. Úsáidtear móta, seachtháirge ár gclár cothabhála crann, go hanrathúil mar shochtach fiailí timpeall crainn, binsí, ballaí teorainn, boscaí bruscair agus eilimintí páirce eile. Ní hamháin go gcuireann úsáid móta coirt deireadh leis an riachtanas maidir le lotnaidicíd a úsáid ach laghdaíonn sé ár n-astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin




freisin de réir mar a laghdaíonn an ceantar gearrtha féir. Cuireann an laghdú breise ar cheantair ghearrtha féir maraon le plandáil bhliantúil a thacaíonn le pailneoirí béim ar stádas Brat Glas na páirce.

Fuair Fine Gall a céad Gradam Pobail freisin don Ghairdín Carraigeacha, Sord mar aitheantas don chomhoibriú idir an grúpa pobail áitiúil agus Comhairle Contae Fhine Gall ag obair le chéile chun spás glas pobail a fheabhsú. Forbraíodh an pháirc bheag ar Bhóthar Ráth Béil i 2018 i gcomhiarracht idir Chomhairle Contae Fhine Gall agus Bailte Slachtmhara Sord agus tá-an tóir air anois mar spás lasmuigh chun suí agus scíth a ligean. In Éirinn tá comhordú Scéim Gradaim Pobail na mBrat Glas, a chumasaíonn grúpa pobail chun a bpobal agus a dtimpeallacht áitiúil a fheabhsú, indéanta a bhuíoch le tacaíocht ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Ag labhairt dó faoin ngradam dúirt Méara Fhine Gall an Comhairleoir David Healy: "Ba mhaith liom tréaslú le gach duine i gComhairle Contae Fhine Gall as sárchaighdeán a gcuid páirceanna atá aitheanta sna gradaim Brat Glas seo. Tá ról ollmhór ag páirceanna inár saol agus tá siad chomh tábhachtach dár bhfolláine fhisiceach agus mheabhrach, go háirithe i mbliana nuair a bhí cuairt chuig an bpáirc mar bhuaicphointe i saol go leor daoine le linn srianta Covid-19."

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall AnnMarie Farrelly: "Tá an-bhród ar Chomhairle Contae Fhine Gall na gradaim seo go léir a fháil agus ba mhaith leis an gComhairle tréaslú leis an bhfoireann go léir a choinníonn agus a bhainistíonn na láithreáin seo a fhágann gur féidir páirt a ghlacadh sna gradaim seo. Bhí sé an-tábhachtach spás a sholáthar inar féidir le daoine taitneamh a bhaint as an gceantar lasmuigh go sábháilte i mbliana agus bhain daoine de gach aois agus spéis ar fud an chontae taitneamh as ár bPáirceanna ar scála nach bhfacthas roimhe."

Dúirt Kevin Halpenny Ceannfort Sinsearach na bPáirceanna: "Tá áthas an domhain orainn na Gradaim Brat Glas seo a fháil mar fhianaise ar thiomantas Roinn Páirceanna agus Bonneagair Ghlais Chomhairle Contae Fhine Gall Páirceanna agus Spásanna Oscailte a fhorbairt a chothromaíonn inbhuanaitheacht chomhshaoil agus bithéagsúlacht le taitneamhachtaí a sholáthar ar féidir le gach duine a úsáideann an pháirc taitneamh a bhaint astu."

Dúirt Stiúrthóir Oibríochtaí David Storey: "Is dea-scéal nuachta iad na gradaim Brat Glas seo agus tugann siad aitheantas d'iarrachtaí na bhfoirne Oibríochtaí i bpáirceanna ar fud Fhine Gall agus iad ag tabhairt faoi na dúshláin bainteach le srianta agus treoirlínte Covid-19. Bhí an-tóir ar pháirceanna i mbliana agus thug an fhoireann aghaidh ar an dúshlán fáilte a chur roimh na huimhreacha méadaithe seo agus eispéireas cuairteora taitneamhach a sholáthar agus a chinntiú go gcomhlíontar treoirlínte Covid-19."

# Coróinvíreas COVID-19

Coróinvíreas
**COVID-19**
Comhairle Sláinte Poiblí

## Ná fág do cheantar áitiúil. Bí sábháilte. Coinnigí a chéile slán.

### Coinnigh ort agus:

**Nigh**
do lámha go maith agus go minic chun aon éilliú a sheachaint

**Clúdaigh**
do bhéal agus do shrón le ciarsúr páipéir nó le do mhuinchille nuair a bhíonn tú ag casacht nó ag sraothartaigh agus cuir an ciarsúr páipéir sa bhruscar

**Fan amach**
2 mhéadar ar a laghad (6 troithe) ó dhaoine eile agus go háirithe ó dhaoine atá tinn

**Seachain**
sluaite agus áiteanna plódaithe

**Bíodh eolas agat**
ar na comharthaí. Má tá na comharthaí ort, déan féinaonrú agus déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh láithreach

**Comharthaí sóirt COVID-19**

> teocht ard
> casacht
> deacrachtaí ag análú
> blaiseadh nó boladh a chailleadh
> comharthaí mar a bheadh fliú

Má bhíonn comharthaí tinnis ort, fan asat féin chun daoine eile a chosaint agus glaoigh ar do dhochtúir teaghlaigh chun tástáil COVID-19 a eagrú.


**#holdfirm**

**Tuilleadh eolais ar**
www.gov.ie/health-covid-19
www.hse.ie

Tá an chomhairle sláinte poiblí in Éirinn ag teacht le comhairle **WHO** agus **ECDC**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland


# MEMORY MAKERS EAGRÁN


















Sheol Oifig Forbartha Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall "Memory Makers - Reflections and Recollections" Eagrán Speisialta Cocúnóirí 2020, ina bhfuil dánta inspioráideacha agus gearrscéalta ó dhaoine atá ag cocúnú ar fud an Chontae.

Déanann an foilseachán atá deartha go hálainn ceiliúradh ar ghuthanna cocúnóirí, ag machnamh ar agus ag meabhrú cuimhní cinn, imeachtaí reatha nó roimhe seo nó obair saothar ficseanúil a spreag na hamanta gan fasach seo a bhfuilimid ag maireachtáil iontu.

I mí an Mhárta 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19 chuir an Rialtas comhairle ar go leor daoine scothaosta nó orthu siúd a rangaíodh mar dhaoine leochaileacha mar gheall ar dhrochshláinte cocúnú agus fanacht sa bhaile d'fhonn a mbaol ionfhabhtaithe a íoslaghdú agus cosc a chur ar scaipeadh breise an víris. Cuireadh Fóram Chomhairle Contae Fhine Gall ar bun mar fhreagairt ar iarratas an Rialtais cuidiú le baill ár bpobail atá i mbaol rochtain a fháil ar sheirbhísí riachtanacha.

Mar fhreagra ar seo, d'fhorbair Tionscadal Freagartha Pobail Fhine Gall COVID-19 "Cocúnú – Bailiúchán gníomhaíochtaí dóibh siúd atá ag féinleithleisiú" atá ina chomhshaothar idir Comhairle Contae Fhine Gall, Fine Gall Aoisbhéúil, Ionad Pobail Chaisleán Cnúcha Lóiste an Labhrais, Ionad Pobail Bhaile an Bhlácaigh, Ionad Acmhainní na Coirre Duibhe, agus Ionad Pobail Bhaile an Huntaigh.

Gné amháin den bhfoilseachán seo ab ea an Comórtas Gearrscéalta agus Filíochta. Tugadh cuireadh do dhaoine atá ag cocúnú gearrscéal nó dán a chur isteach a mhúscail cuimhne ag am éigin nó imeacht speisialta a cheangail ar shlí éigin leis an méid atá ag tarlú in Éirinn anois.

Bhí an freagra go hiontach agus fuarthas 39 iontráil i rannóg na filíochta agus 41 aighneacht sa chatagóir gearrscéalta. Tá fairsinge agus doimhneacht na hoibre scríofa fíoriontach.

Bhí cúram deacair ag beirt mholtóirí deonacha, Marie McCaffrey agus Domhnall Drislane trí dhámhachtaí a roghnú i ngach catagóir. Cheap an bheirt acu gur phribhléid mhór agus tairbheach an taithí a bheith acu na hiontrálacha go léir a léamh agus ba mhian leo go bhféadfaidís níos mó gradaim a bhronnadh agus ba mhaith leo tréaslú le gach duine a chuir isteach a gcuid oibre.

Tá áthas an domhain orainn na buaiteoirí a fhógairt:

Catagóir Filíochta:
1. Tom Sullivan – "Come play here with me grandad"
2. Peter Owens – "Cocooning in the lockdown"
3. Rita Ennis – "Cocooning reflections".

Catagóir Gearrscéalta:
1. Pauline Mooney - "Hello sweetness"
2. Tom Reilly – "The morning after"
3. Colleen Davey – "A Covid story"

Dúirt Méara Fhine Gall an Comhairleoir David Healy: "Ba mhaith liom tréaslú le gach duine a ghlac páirt san fhoilseachán iontach seo a thaifeadann agus a dhoiciméonn buanna cruthaitheacha ár gcocúnóirí. Bhí 2020 éagsúil ar fad ó gach bliain eile, agus tá foilseacháin chomh

# - REFLECTIONS AND RECOLLECTIONS, SPEISIALTA COCÚNÓIRÍ SEOLTA



tábachtach agus soláthraíonn sé bealach dóibh siúd a cuireadh srian ar a saol le linn na bliana ach taifeadann sé na hamanta gan fasach freisin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mbeirt mholtóir freisin a rinne breithniú cúramach ar na hiontrálacha go léir agus a raibh sé de chúram fíordheacair orthu na buaiteoirí a roghnú."

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall AnnMarie Farrelly: "Bhí ról ollmhór ag Roinn Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall ag soláthar tacaíochtaí praiticiúla do dhaoine, go háirithe cocúnóirí le linn na tréimhse Covid-19, agus is sampla foirfe é an foilseachán seo de sin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a thóg an t-am chun a gcuid oibre a chruthú agus a roinnt san aguisín iontach seo den bhailiúchán "Memory Makers", agus a bhreathnófar air sna blianta atá le teacht mar mheabhrúchán faoi na hamanta seo."

Dúirt Stiúrthóir Tithíochta agus Pobail Margaret Geraghty: "Tá an-áthas ar Chomhairle Contae Fhine Gall na scéalta agus dánta seo a thaifeadadh agus a roinnt san eagrán speisialta seo de "Memory Makers Reflections and Recollections". Chomh maith le guth a thabhairt do chocúnóirí inár bpobal chun a smaointí agus a dtaithí a roinnt, is taifead tábhachtach é d'am speisialta inár stair agus beidh meas air do na glúnta atá le teacht. Buíochas mór le gach duine a ghlac páirt agus a thóg an t-am chun a gcuid oibre a chruthú agus a roinnt linn."

Foilsíodh an chéad eagrán dár mbailiúchán "Memory Makers Reflections and Recollections" i 2008. Bhí sé i gceist bailiúchán a chruthú de chuid den obair iontach a chruthaigh ár sinsir ó gach cearn den chontae. Bealach a bhí ann le cuimhneachán cuimhní cinn luachmhara a chruthú do sheanóirí a raibh baint acu lenár gcomórtas déantóirí cuimhne agus a dteaghlaigh.

De bharr treoirlínte agus srianta reatha an Rialtais ní féidir linn ceiliúradh a dhéanamh ar na húdair ag ócáid fhisiciúil. Beidh seoladh bog an fhoilseacháin seo ar siúl i gcomhthráth leis an Seachtain um Aosú Dearfach a bheidh ar siúl 28 Meán Fómhair-2 Deireadh Fómhair, atá eagraithe ag Age Action.

Is doiciméad tábhachtach stairiúil é an foilseachán seo agus beidh sé ar fáil go luath i Leabharlanna Fhine Gall agus sa Chartlann Náisiúnta. Tá cóip bhog den bhfoilseachán le fáil freisin ar láithreán gréasáin Chomhairle Contae Fhine Gall.

Helping your business respond to COVID-19
Visit LocalEnterprise.ie/Response
Local Enterprise Office



# CASANN FOIRGNIMH FHINE GALL DEARG



D'iompaigh roinnt sainchomhartha ar fud Fhine Gall dearg mar chuid de Sheachtain Náisiúnta Sábháilteachta Dóiteáin bliantúil de chuid Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath.

Soilsíodh na hoifigí cathartha i mBaile Bhlainséir (príomhghrianghraf), chomh maith le Caisleán Shoird (ar dheis), an Casino i Mullach Íde (thíos ar dheis) agus Caisleán Ard Giolláin mar chuid den bhfeachtas.

Laghdaítear idirghníomhaíochtaí traidisiúnta duine le duine Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath leis an bpobal agus a roghanna feasachta sábháilteachta dóiteáin seanbhunaithe faoi láthair de bharr srianta Covid-19. Mar sin d'fhéach siad ar bhealaí nua agus nuálacha chun feasacht ar shábháilteacht dóiteáin a ardú ar fud ár bpobal.

"Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hoibreoirí na bhfoirgneamh seo go léir as a dtacaíocht chun cabhrú le feasacht ar shábháilteacht dóiteáin a ardú," a dúirt Dennis Keeley Príomhoifigeach Dóiteáin, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. "Bhí orainn a bheith amhairín níos cruthaithí i mbliana lenár bhfeachtas agus tá an-áthas orm go bhfuil an oiread sin sainchomhartha ag glacadh páirte ann trí chasadh dearg trí aird a tharraingt ar an teachtaireacht feasachta ar shábháilteacht dóiteáin agus chun meabhrúchán radhairc agus leid a sholáthar don tSeachtain Sábháilteachta Dóiteáin."



Baineann an tSeachtain Náisiúnta Sábháilteachta Dóiteáin, a bhí ar siúl ón 5 Deireadh Fómhair – 12 Deireadh Fómhair, le sábháilteacht dóiteáin a fheabhsú, go háirithe sa bhaile. Bá é téama na bliana seo ná "Sábhálann Aláraim Deataigh Saolta".


Cosain tú féin agus daoine eile ó thinneas
Nigh do lámha
• Tar éis casacht nó sraoth
• Nuair a bhíonn tú ag tabhairt aire do dhuine tinn
• Roimh agus tar éis bia a ullmhú
• Sula n-itheann tú
• Tar éis an leithreas
• Nuair atá do lámha salach
• Tar éis lámh a leagain ar ghearradh, spuaic nó créacht oscailte
• Is féidir cuimilteoir alcóil láimhe a úsáid mura bhfuil cuma shalach ar na lámha
www.hse.ie/handhygiene
RESIST
hpsc

# Faigheann Fine Gall €74,000 ó Scéim na mBailte agus na Sráidbhailte do thionscadail COVID-19

Bhronn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail breis agus €74,000 ar Chomhairle Contae Fhine Gall faoi Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte - Bearta Luathaithe mar fhreagairt ar COVID-19.

Tacóidh an t-airgead le tionscadail shonracha i nDomhnach Bat, i bPort Reachrann, i mBaile an Ridire agus san Aill agus tacóidh sé leis na pobail sin freagairt do na dúshláin shonracha a bhaineann leis an bpaindéim COVID-19, ag cabhrú leo siopadóireacht a dhéanamh, bualadh le chéile agus oibriú go sábháilte.

Ag fáiltiú dó roimh fhógra na leithdháiltí ón Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphries, TD, dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir David Healy: "Tá sé thar a bheith tábhachtach cloí le treoirlínte sláinte poiblí chun sinn féin agus a chéile a chosaint ar COVID-19 agus ligfidh an maoiniú seo do na sráidbhailte seo i bhFine Gall gluaiseacht ar aghaidh go sábháilte lena dtionscadail phobail a thacóidh, dá réir sin, le gnóthaí áitiúla agus iad ag athoscailt."

Cuirfidh maoiniú de €25,000 ó Scéim na mBailte agus na Sráidbhailte ar chumas Domhnach Bat agus Port Reachrann dhá imeacht piriteicniúil a chur ar stáitse den chéad uair mar chuid de Festival of Flame Chomhairle na Comhairle ar Oíche Shamhna. Cinnteoidh an deontas go reáchtálfar imeachtaí ag Trá Dhomhnach Bat agus Trá Bhá an Túir, Port Reachrann, le scaradh sóisialta i bhfeidhm agus go n-úsáidfear iad freisin chun na costais a bhaineann le cur chun cinn na hócáide agus le soláthar trealaimh agus bearta sábháilteachta riachtanacha a chlúdach.

Cuirfidh deontas de €24,750 ar chumas Ionad Ealaíon Seamus Ennis san Aill, atá dúnta ó mhí an Mhárta, athoscailt go sábháilte agus riachtanais maidir le scaradh sóisialta a chomhlíonadh. Úsáidfear an t-airgead chun díonbhrat uile-aimsire chun an spás lasmuigh inúsáidte a leathnú, troscán lasmuigh agus aonaid sláintíochta a sholáthar a chuideoidh leis an Ionad réimse imeachtaí a óstáil agus méadófar cumas scaradh sóisialta an Ionaid.

Leis an maoiniú €24,300 do Bhaile an Ridire chun binsí picnice, binse cliste, seastáin rothair, mullaird soilsithe agus sábháilteachta a sholáthar beifear in ann úsáid nua a bhaint as spás poiblí an tsráidbhaile. Beifear in ann béilí a ithe lasmuigh agus cuideoidh sé le gnóthaí áitiúla a raibh orthu láithreacha suí faoi dhíon ar a n-áitribh a dhúnadh mar gheall ar rialacháin COVID-19.

Dúirt Stiúrthóir Forbartha Eacnamaíochta, Fiontar agus Turasóireachta Chomhairle Contae Fhine Gall, Emer O'Gorman: "D'oibríomar go dlúth le Coiste Féile Samhraidh Dhomhnach Bat agus Phort Reachrann, Ionad Ealaíon Seamus Ennis agus Cumann Pobail Bhaile an Ridire chun na tionscadail seo a fhorbairt agus an cuirfidh an €74,000 maoiniú a fuair muid ar ár gcumas na tionscadail a chur ar bun agus cuirfear borradh mór faoin bpobal agus faoin ngeilleagar áitiúil."


Cuirtear an Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte ar fáil tríd an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun forbairt tuaithe agus pobail a chur chun cinn agus chun tacú le pobail bheoga, chuimsitheacha agus inbhuanaithe ar fud na hÉireann. I mbliana, tá an Scéim curtha in oiriúint chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ag teacht chun cinn a bhaineann le COVID-19 agus bainfidh 106 baile agus sráidbhaile ar fud na hÉireann leas láithreach as an maoiniú €2.8 milliún a fógraíodh an tseachtain seo.

## Radhairc ar fud Fhine Gall









Príomhghrianghraf: Cuan na Sceirí
Agus deiseal: Caisleán Mhullach Íde; Túr Dhroim Méanach; Reachrainn; Baile Brigín





# D'éirigh le Comhairle maoiniú a fháil do dhá thionscadal ó Chiste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí 2020

Bronnadh €35,000 san iomlán ar Chomhairle Contae Fhine Gall faoi Chiste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí, a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le nuálaíocht ó chomhlachtaí seirbhíse poiblí chun comhoibriú agus cuir chuige feabhsaithe i leith seachadadh seirbhíse a chur chun cinn.

D'éirigh le dhá thionscadal de chuid Fhine Gall Digiteach ina n-iarratais - Samhail Réaltacht Fhíorúil 3D chun Rannpháirtíocht Saoránach a Fheabhsú agus Seomra Rialaithe Tráchta Cliste a Thógáil agus Binse Tástála Braiteoirí IoT le haghaidh Plódú Tráchta.

Bronnadh thart ar €20,000 chun samhail Réaltacht Fhíorúil 3D a fhorbairt chun rannpháirtíocht saoránach i mBaile Brigín a fheabhsú. Is é an moladh ná Samhail Réaltacht Fhíorúil (VR) 3D a chruthú a bheidh lonnaithe sa Mhol nua Our Balbriggan chun nasc a dhéanamh le cónaitheoirí, seirbhísí poiblí agus gnó ar bhealach bríoch.

Beidh an Mol atá suite i gCearnóg Sheoirse, i lár an bhaile mar chuid lárnach don phlean athnuachana baile Our Balbriggan 2019 - 2025 a foilsíodh le déanaí agus is ann a bheidh foireann Our Balbriggan lonnaithe. Cuirfidh teicneolaíocht VR ar chumas na gcomhaltaí foirne teagmháil bhreise a dhéanamh leis na saoránaigh agus cabhrú leo a shamhlú conas a bhforbrófar a mbaile.

Beidh an tionscadal seo faoi stiúir na Roinne Eacnamaíochta, Fiontair agus Turasóireachta, le tacaíocht ó Fhoireann Dhigiteach Fhine Gall.

Tá €15,000 eile daingnithe chun tionscadal cliste píolótach a fhorbairt. Rachaidh an maoiniú i dtreo réitigh tráchta chliste a fhorbairt agus braiteoirí IoT a thriail i limistéar píolótach Bhaile Átha Cliath 15, i gcomhpháirtíocht le ESB Innovation.

Cuirfidh sé seo ar chumas Chomhairle Contae Fhine Gall sonraí fíor-ama a úsáid chun sruthanna tráchta a fheabhsú, brú tráchta a laghdú agus monatóireacht a dhéanamh ar shonraí tráchta agus comhshaoil.

Beidh an tionscadal seo faoi stiúir Roinn Oibríochtaí Chomhairle Contae Fhine Gall, le tacaíocht ó fhoireann Fhine Gall Digiteach.

Dúirt Méara Fhine Gall, an Clr. David Healy: "Is é príomhsprioc na Comhairle gach cineál teicneolaíochta a úsáid chun teagmháil níos fearr a dhéanamh le cónaitheoirí agus a saol a fheabhsú. Ligfidh an maoiniú a fuarthas dúinn é seo a dhéanamh trí chaidreamh níos fearr a bhunú lenár bpobail agus éifeachtúlacht an bhonneagair sa chontae a fheabhsú chun leasa ár gcónaitheoirí."

Dúirt AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall: "Tá Comhairle Contae Fhine Gall i gcónaí ag iarraidh a bheith nuálach agus an teicneolaíocht is déanaí a úsáid sna seirbhísí a soláthraímid dár bpobail. Cuirfidh an maoiniú a gheofar ó Chiste Nuálaíochta na hEarnála Poiblí ar chumas fhoireann Fhine Gall Digiteach, in éineacht le foireann Our Balbriggan, teagmháil níos fearr a dhéanamh lenár gcónaitheoirí i mBaile Brigín chomh maith le teicneolaíocht a úsáid chun eispéireas bóthair ár gcónaitheoirí a fheabhsú. Leanfaimid orainn ag infheistiú i dteicneolaíocht nua ionas go mbeimid cothrom le dáta chun seirbhísí den scoth a sholáthar dár gcónaitheoirí.



# Fáiltíonn Chomhairle roimh an dul chun cinn atá á dhéanamh ar thionscadal na n-oibreacha feabhais i Mullach Íde

Tá fáilte curtha ag Comhairle Contae Fhine Gall roimh an dul chun cinn suntasach atá déanta ar thionscadal Oibreacha Feabhais Fhaiche an tSráidbhaile i Mullach Íde, oibreacha a bhfuiltear ag súil a gcuirfear críoch leo roimh dheireadh na bliana.

Tá an tionscadal á stiúradh ag Rannán Páirceanna agus Bonneagar Glas na Comhairle agus tá sé mar aidhm leis caighdeán fhaiche an tsráidbhaile a athbheochan agus a fheabhsú agus an spás oscailte a fheabhsú mar cheantar a dtabharfaidh daoine cuairt air agus a mbainfidh siad taitneamh as.

Tá na hoibreacha á gcur i gcrích ag cuideachta atá lonnaithe i Mullach Íde, Peter O'Brien & Sons Landscaping Ltd, an chuideachta ar ar bronnadh an conradh mar thoradh ar phróiseas tairisceana iomaíoch.

Is ionann an scéim agus cuid den Straitéis Ríocht Phoiblí do Mhullach Íde a d'fhorbair Comhairle Contae Fhine Gall in 2014. D'eascair an plean faofa d'Fhaiche an tSráidbhaile as dianphróiseas comhairliúcháin phoiblí agus ba é Murray and Associates Landscape Architecture a dhear an plean a áirítear ann sraith feabhsuithe ar an ríocht phoiblí, lena n-áirítear pábháil nua agus troscán sráide a shuiteáil, an spás oscailte a ath-chomhrianú agus plandaí a chur.

Is fianaise é an tionscadal seo ar nasc tábhachtach idir an timpeallacht thógtha agus nádúrtha, agus beidh spás athdheartha iontach á chur ar fáil do dhaoine a bhaineann taitneamh as an sráidbhaile agus as an bhfarraige.
Bhí an méid seo a leanas le rá ag Méara Fhine Gall, an Comhairleoir David Healy: "Cúis áthais dom an dul chun cinn suntasach atá déanta i ndáil leis an tionscadal seo, d'ainneoin na moilleanna a cuireadh ar an obair mar gheall ar shrianta Covid-19. Cruthóidh an tionscadal seo pointe fócasach iontach nua do phobal na háite agus do chuairteoirí ar Mhullach Íde, agus táim ag súil le toradh na hoibre a fheiceáil gan mhoill."

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall, AnnMarie Farrelly: "Cuirfidh infheistíocht shuntasach Chomhairle Contae Fhine Gall sa tionscadal seo feabhas suntasach ar chroílár an tsráidbhaile, soláthrófar spás nua agus feabhsaithe do phobal na háite agus do chuairteoirí chun a scíth a ligean agus taitneamh a bhaint as an saol. Neartóidh na hoibreacha seo an nasc idir An Fhaiche agus sráidbhaile Mhullach Íde agus cruthófar pointe fócasach agus aitheantas láidir laistigh den sráidbhaile agus feabhsófar na radhairc chósta ar féidir taitneamh a bhaint astu ón spás oscailte."

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Matthew McAleese, Stiúrthóir Pleanála agus Bonneagar Straitéiseach: "Cuirfidh an tionscadal seo, leis an leagan amach agus na háiseanna feabhsaithe, go mór leis an áis seo a bhfuil an-tóir air agus beidh gach duine in ann taitneamh a bhaint as an sráidbhaile." Bhí an méid seo a leanas le rá ag Kevin Halpenny, an tOifigeach Sinsearach Páirceanna: "Is sampla iontach é rannpháirtíocht phobal na háite i bpróiseas pleanála agus dearaidh athfhorbairt na Faiche de na buntáistí a bhaineann le hionchur phobal na háite i dtionscadail a bhaineann leis an ríocht phoiblí. Taitneamhacht iontach a bheidh sa spás nua athshamhalta do phobal na háite chun taitneamh a bhaint as."

# NA CHÉAD GAN

Tá na chéad stáisiún líonta buidéal gan tadhall san Eoraip á leathadh amach i gceantar Fhine Gall ag cuideachta áitiúil Ecofil do Chomhairle Contae Fhine Gall. Suiteáladh an chéad cheann de naoi n-aonad Ecofil i sráidbhaile Bhinn Éadair agus tá an tsuiteáil gan tadhall i bhfeidhm anois ag acomhal Bhóthar an Chuain agus Bhóthar na Mainistreach.

Soláthraíonn na stáisiúin nua líonta buidéal uisce gan tadhall, glan agus sábháilte gan an baol go leagfaidh daoine lámh ar chnaipí ardúsáide a d'fhéadfadh scaipeadh ionfhabhtú a mhéadú. Is féidir le húsáideoirí buidéal uisce a chur sa ghabhdán agus braithfear gluaiseacht, rud a chuirfidh an meaisín ar siúl. Chun scaipeadh féideartha pataiginí a laghdú tuilleadh, cuireann an dearadh 'gan tadhall' cosc ar bhéal an bhuidéil teacht i dteagmháil leis an mbuinne.

Dúirt Méara Fhine Gall, an Comhairleoir David Healy: "Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta, trínár bPlean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide, líonra scairdeán uisce óil phoiblí a bhunú chun cabhrú le dramhaíl phlaisteach a laghdú. Tá sé ríthábhachtach an spleáchas ar phlaisteach a laghdú agus inbhuanaitheacht uisce a fheabhsú agus muid ag obair chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus chun ár dtimpeallacht agus ár n-aigéan a chosaint. Tá sé de bhuntáiste breise ag an suiteáil nua seo go bhfuil ról ríthábhachtach aige maidir le sláinte an phobail a chosaint le linn na tréimhse Covid-19."

Dúirt Peter Wynne, Stiúrthóir Bainistíochta Ecofil: "Tá ríméad ar an bhfoireann ag Ecofil a bheith ag obair le Comhairle Contae Fhine Gall chun ár stáisiúin nua líonta buidéal gan tadhall a chur i bhfeidhm. I lár phaindéim Covid-19, rinneamar ár n-aonad a dhíchoimisiúnú go sealadach agus



# STÁISIÚN LÍONTA BUIDÉAL TADHALL Á LEATHADH AMACH




d'oibríomar ar éagsúlú a dhéanamh ar ár raon táirgí lena chinntiú go bhféadfaimis leanúint ar aghaidh le rochtain ar uisce a sholáthar ar bhealach sábháilte. Ag Ecofil, creidimid go bhfuil rochtain ar uisce glan i limistéir phoiblí lárnach sa troid i gcoinne plaistigh aonúsáide."

Sna seachtainí amach romhainn, suiteálfar na haonaid bhreise ar fud limistéar Fhine Gall sa Droichead Nua, Diméin Mhullach Íde, Diméin Ard Giolláin, Páirc San Caitríona, Caisleán Shoird, Páirc na Mílaoise, Páirc Sheantraibh agus Páirc Bhaile an Hartaigh.

Dúirt Stiúrthóir Oibríochtaí Chomhairle Contae Fhine Gall David Storey: "Beidh sé éasca rochtain a fháil ar na meaisíní athlíonta buidéal gan tadhall agus is tionscnamh sláinte agus folláine atá neamhdhíobhálach don timpeallacht atá ann. Chomh maith le truailliú plaisteach a chosc agus an comhshaol a chosaint, tá gné thábhachtach ann maidir le sláinte an phobail le linn na tréimhse Covid-19 toisc nach mbeidh gá teagmháil a dhéanamh le meaisín. "


Tá méadair sreafa uisce dhigiteacha ag na haonaid atá á suiteáil i bhFine Gall agus déantar cianmhonatóireacht orthu, a dhéanann monatóireacht ar an aschur chun líon na mbuidéal uisce plaisteach nach rachaidh i gcúrsaíocht in Éirinn a chinneadh. Fuair anailís ar chaoga stáisiún uisce poiblí Ecofil in údaráis áitiúla, a rinneadh in 2019, go ndéantar 365,000 lítear, nó 730,000 buidéal a shábháil ó líonadh talún ar bhonn bliantúil.

# Do Chomhairleoirí




## Toghcheantair Aitiúil




**Baile Brigin**

1. An Comh.Tony Murphy
Neamhspleách
tony.murphy@cllrs.fingal.ie
086 277 2030

2. An Comh. Grainne Maguire
Neamhspleách
grainne.maguire@cllrs.fingal.ie
087 943 6650

3. An Comh. Seána Ó Rodaigh
Páirtí an Lucht Oibre
seana.orodaigh@cllrs.fingal.ie
085 831 3801

4 An Comh. Tom O'Leary
Fine Gael
tom.oleary@cllrs.fingal.ie
087 245 9897

5. An Comh Karen Power
An Comhaontas Glas
karen.power@cllrs.fingal.ie
089 965 4529

**An Ros- Lusca**

6. An Comh. Robert
O'Donoghue
Páirtí an Lucht Oibre
robert.odonoghue@cllrs.
fingal.ie
083 0545554

7. An Comh. Adrian Henchy
Fianna Fáil
adrian.henchy@cllrs.fingal.ie
087 681 4485

8. An Comh. Brian Dennehy
Fianna Fáil
brian.dennehy@cllrs.fingal.ie
085 229 8201

9. An Comh. Cathal Boland
Neamhspleách
cathal.boland@cllrs.fingal.ie
086 257 7672

10. An Comh. Paul Mulville
An Páirtí Sóisleach Daonlathach
paul.mulville@cllrs.fingal.ie
086 378 7395

**Sord**

11. An Comh. Darragh Butler
Fianna Fáil
darragh.butler@cllrs.fingal.ie
087 959 5378

12. An Comh. Ian Carey
An Comhaontas Glas
ian.carey@cllrs.fingal.ie
086 307 4004

13. An Comh. Dean Mulligan
Neamhspleách i dtreo Athrú
dean.mulligan@cllrs.fingal.ie
087 966 6260

14. An Comh. Joe Newman
Neamhspleách
joe.newman@cllrs.fingal.ie
087 245 7729

15. An Comh. Brigid Manton
Fianna Fáil
brigid.manton@cllrs.fingal.ie
086 247 6596

16. An Comh. Ann Graves
Sinn Féin
ann.graves@cllrs.fingal.ie
087 272 4359

17. An Comh. James
Humphreys
Páirtí an Lucht Oibre
james.humphreys@cllrs.
fingal.ie
083 8560832

**Binn Éadair - Mullach Ide**

18. An Comh. Eoghan O'Brien
Fianna Fáil
eoghan.obrien@cllrs.fingal.ie
086 858 0562

19. An Comh. David Healy
An Comhaontas Glas
david.healy@cllrs.fingal.ie
087 617 8852

20. An Comh. Brian Mc
Donagh
Páirtí an Lucht Oibre
brian.mcdonagh@cllrs.fingal.ie
086 385 8979

21. An Comh. Jimmy Guerin
Neamhspleách
jimmy.guerin@cllrs.fingal.ie
086 014 3346

22. An Comh. Aoibhinn Tormey
Fine Gael
aoibhinn.tormey@cllrs.
fingal.ie
087 754 6258

23. An Comh. Anthony Lavin
Fine Gael
anthony.lavin@cllrs.fingal.ie
087 993 1329

24. An Comh. Joan Hopkins
An Páirtí Sóisleach Daonlathach
joan.hopkins@cllrs.fingal.ie
083 1031541

**Caisleán Cnucha**

25. An Comh. Ted Leddy
Fine Gael
ted.leddy@cllrs.fingal.ie
087 327 6630

26. An Comh. John Walsh
Páirtí an Lucht Oibre
john.walsh@cllrs.fingal.ie
087 648 6228

27. An Comh. Howard Mahony
Fianna Fáil
howard.mahony@cllrs.fingal.ie
087 0506146

28. An Comh. Natalie Treacy
Sinn Féin
natalie.treacy@cllrs.fingal.ie
085 128 5493

29. An Comh. Pamela Conroy
An Comhaontas Glas
pamela.conroy@cllrs.fingal.ie
086 8462891

30: An Comh Siobhan Shovlin
Fine Gael
siobhan.shovlin@cllrs.fingal.ie
087 3984778

**Ongar**

31. An Comh. Tania Doyle
Neamhspleách
tania.doyle@cllrs.fingal.ie
085 780 9292

32 An Comh. Tom Kitt
Fianna Fáil
tom.kitt@cllrs.fingal.ie
086 199 5801

33. An Comh. Daniel Whooley
An Comhaontas Glas
daniel.whooley@cllrs.fingal.ie
087 397 8024

34. An Comh. Kieran Dennison
Fine Gael
kieran.dennison@cllrs.fingal.ie
087 259 5949

35. An Comh. Aaron O'Rourke
Sinn Féin
aaron.orourke @cllrs.fingal.ie
087 7042783

**Baile Bhlainséir - Mullach Eadrad**

36. An Comh. Mary McCamley
Páirtí an Lucht Oibre
mary.mccamley@cllrs.fingal.ie
087 650 1441

37. An Comh. Breda Hanaphy
Sinn Féin
breda.hanaphy@cllrs.fingal.ie
087 162 0917

38. An Comh. John Burtchaell
Dlúthpháirtíocht
john.burtchaell@cllrs.fingal.ie
087 102 9372

39. An Comh. Punam Rane
Fine Gael
punam.rane@cllrs.fingal.ie
089 254 4372

40. An Comh. Freddie Cooper
Fianna Fáil
freddie.cooper@cllrs.fingal.ie
087 052 5628